C/2026/3003

4.6.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3003)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0950-AM01 — 17.3.2026

1. **Ainm an táirge**

'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

MASAF [Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach ós rud é nach n-áirítear leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil baol ann go gcuirfear an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní leo agus nach bhfuil tuilleadh srianta ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 4.2 den doiciméad aonair ar an tuairisc ar an táirge

Tuairisc

— Athraíodh airde na sáile tríd an íosteorainn a laghdú beagán.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Teideal

Leasaíodh Roinn 3 den tsonraíocht táirge a bhaineann leis an limistéar táirgeachta agus pointe 5 den doiciméad aonair.

Tuairisc

— Níor modhnaíodh an limistéar táirgeachta, ní dhearnadh ach é a chur in oiriúint é do na hathchóirithe riaracháin as ar eascair roinnt ainmniúcháin riaracháin a athraíodh mar thoradh ar chumaisc idir bardais laistigh den limistéar geografach críochaithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Baineann an leasú le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge a bhaineann leis an gcruthúnas tionscnamh.

Tuairisc

— Cuireadh an téarma níos beaichte ‘déirithe’ in ionad an téarma ‘táirgeoirí’. Cuireadh an focal ‘aibitheoirí’ isteach agus scriosadh an focal ‘pacálaí’.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú le hAirteagail 5, pointí 1, 2 agus 3 den tsonraíocht táirge maidir leis an modh táirgthe.

Tuairisc

— Scriosadh an toirmeasc ar mheascáin agus ar bheatha aonair nó Unifeed a úsáid le haghaidh beatha.

— Cuireadh sonraíocht isteach gur le táirgí a bhaineann an toirmeasc ar fhotháirgí thionscal an tsiúcra a úsáid i mbeatha.

— Scriosadh an tsonraíocht maidir leis na coimeádáin a úsáidtear chun an bainne a iompar.

— Scriosadh an ceanglas maidir le bainne a fhuarú i gcás ina n-úsáidtear feithiclí tancaeir.

— Aistríodh an ceanglas maidir le bainne a fhuarú ar an bhfeirm i gcás bailiú laethúil aonair ó Airteagal 5(3) go hAirteagal 5(2).

— Scriosadh na focail ‘nó aon dara bleán’ ó Airteagal 5(3), rud a chiallaíonn gur gá an bainne a phróiseáil laistigh de 60 uair an chloig ón gcéad bhleán.

— Scriosadh an tagairt don dara bleán chun córais uathoibríocha bleáin a cheadú.

— Scriosadh fuarú an bhainne ag 15-20 °C, gan ach an ceanglas fuaraithe 8-16 °C a choinneáil i gcás bailiú aonair in aghaidh an lae.

— Laghdaítear an t-am gruthaithe beagán ó 25 nóiméad go 20 nóiméad ar a laghad.

— Tugadh isteach íosmhéid grutha eithne gráin bhuí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú a bhaineann le hAirteagal 8, pointe 2, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair maidir le lipéadú an táirge

Tuairisc

— Cuireadh oibleagáid isteach chun an litir 'M' a stampáil ar chraiceann na cáise 'di malga' (féarach sléibhe) chun an cineál táirge sin a chur i dtábhacht.

— Scriosadh an oibleagáid uimhir thagartha nó cód tagartha dhéiríocht an táirgeora agus an bhaisc tháirgthe a léiriú ar an táirge pacáistithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0950-AM01 — 17.3.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 - Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis é ATFC 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' a tháirgtear ó bhainne ó bha de na pórtha Bruna (Donn), Frisona (Freaslannach), Pezzata Rossa (Dearg Alabhreac), Grigio Alpina (liath Alpach), Rendena (speiceas dúchasach) agus Pinzgauer agus a gcrosantaigh. Féadfar bainne ó cheann amháin nó níos mó de na pórtha sin a úsáid le haghaidh táirgthe.

Tá an cháis sorcóireach, baineann sáil íseal léi, agus tá taobhanna beagán dronnach nó cothrom agus éadain chothroma nó beagán dronnach uirthi; bíonn an craiceann mín nó bíonn cúpla roc air, bíonn sé olartha, agus bíonn dath ócair bhuí, donn éadrom nó scothdhearg air. Bíonn an cháis leathbhruite agus bíonn uigeacht mheánchrua leaisteach aici lena mbaineann dath bán go buí éadrom agus cúpla poll a bhíonn ina bpoill mheánmhéide nó ina bpoill bheaga. Bíonn idir phoill mheánmhéide agus poill mhóra i gcáis a dhéantar as bainne féaraigh sléibhe agus bíonn dath buí níos déine uirthi.

Bíonn blas láidir, dian, beagán goirt agus/nó géar ar bhealach deas ar an táirge, agus baineann iarbhlas searbh leis arb ar éigean a bhraithfí é. Bíonn dea-bholadh láidir agus géar le brath, agus baineann ruainnín beag amóinia leis.

Bíonn trastomhas na cáise idir 34 cm go 42 cm, agus bíonn airde na sáile idir 8 cm agus 12 cm; bíonn meáchan idir 8 agus 13 kg sa cháis.

Is féidir é a tháirgeadh ar feadh na bliana.

Ní fhéadfaidh an cion saille, arna shloinneadh mar chéatadán den ábhar tirim, a bheith níos mó ná 45 %; bíonn an cion taise idir 34 % go 44 %, arna thomhas nuair a bhíonn an cháis 90 lá d'aois ar a laghad. Is é 90 lá an aibíocht íosta. Tar éis 150 lá aibiúcháin féadfar an cháis a shainiú mar 'aibí'.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Chun 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' a tháirgeadh, ní mór 60 % ar a laghad den bheatha le haghaidh na mbó atá ag lachtadh a bheith ina foráiste (féar féaraigh buan agus/nó féar innilte nó tomhailte go díreach ar an bhféarach) nach mór a theacht ón limistéar táirgeachta a shainítear i bpointe 4.

Eisiatar úsáid a bhaint as bainne ó bha a bheathaítear le sadhlas d'aon chineál.

Féadfar beatha na mbó a fhorlíonadh le hábhair bheatha nó le beatha chumaisc chun a áirithiú go dtabharfar aiste chothrom bia do na ba le haghaidh táirgeadh bainne.

Sa bhreis ar an mbeatha nach gceadaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, ní fhéadfaidh na táirgí seo a leanas a bheith sa bheatha ach oiread:

— cáca ráibe olashíl, min síl fíonchaor nó min síl citris,

— seachtháirgí triomaithe ó phróiseáil thionsclaíoch torthaí agus glasraí,

— seachtháirgí thionscal an tsiúcra,

— seachtháirgí triomaithe thionscail an choipthe,

— glasraí agus torthaí triomaithe.

Bainne bó amh ó dhá bhleán i ndiaidh a chéile agus bainne atá bearrtha go páirteach ag bearradh dromchla nádúrtha. Féadfar bainne féaraigh sléibhe a úsáid chun 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' a tháirgeadh.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór an próiseas táirgthe iomlán (tógáil, táirgeadh agus próiseáil bainne, agus sailleadh, cóireáil agus aibiú na cáise) a dhéanamh laistigh den limistéar a shainítear i bpointe 4.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú sliseadh, grátáil, etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Aithnítear an cháis leis an bhfoclaíocht 'PDO Puzzone di Moena' atá stampáilte roinnt uaireanta ar an gcraiceann agus priontáilte ar na bandaí lipéid; ba cheart an fhoclaíocht seo a bheith níos mó ná aon fhoclaíocht eile ar an táirge.

Léireofar le marc iomchuí uimhir thagartha nó cód tagartha an déirí, an bhaisc tháirgthe agus, i gcás inar gá, an cheannlitir 'M' le haghaidh an chineáil 'di malga'.

Féadfar an cháis a dhíol ina hiomláine nó ina sciartha; nuair a chuirtear na cáiseanna iomlána nó na cineálacha éagsúla pacáistíochta ar an margadh, ní mór an fhoclaíocht 'PDO Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' nó ceachtar den dá fhoclaíocht 'PDO Puzzone di Moena' nó 'PDO Spretz Tzaorì' a bheith orthu, agus i gcás inarb iomchuí an fhoclaíocht 'stagionato' ('aibí') agus/nó 'di malga' ('ó fhéaraigh sléibhe'); ní fhéadfar an fhoclaíocht dheireanach sin a úsáid ach amháin má thagann an bainne uile a úsáidtear chun an cháis sin a dhéanamh ó bha a choinnítear ar fhéarthailte sléibhe.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é limistéar táirgeachta 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' limistéar táirgeachta na mbardas riaracháin seo a leanas: Campitello di Fassa, Canal San Bovo, Canazei, Capriana, Castello Molina di Fiemme, Cavalese, Imer, Mazzin, Mezzano, Moena, Panchià, Predazzo, Primiero San Martino di Castrozza, Sagron Mis, San Giovanni di Fassa – Sén Jan, Soraga, Tesero, Valfloriana, Ville di Fiemme agus Ziano di Fiemme i gCúige Trento; Anterivo agus Trodena i gCúige Bolzano.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tuairisc ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Is gnáth-thimpeallacht Alpach í an timpeallacht gheografach ina dtáirgtear ATFC 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì'. Tá trí cheantar sa limistéar geografach sainithe — gleann Fiemme, gleann Fassa agus Primiero — Vanoi.

Tá an bháisteach, na difríochtaí móra aeráide idir na séasúir agus airde na móinéar agus na bhféarach (idir 600 méadar os cionn leibhéal na farraige agus níos mó ná 2 000 méadar i gcás roinnt féarach sléibhe), mar aon leis na difríochtaí i gceimic na hithreach, ar ithreacha aolchloiche dolaimíte iad den chuid is mó cé go mbíonn ithreacha sileacáite le fáil i limistéir áirithe, fabhrach d'fhás flóra ilchineálaigh, go háirithe sna móinéir agus sna féaraigh, agus le chéile cruthaítear na dálaí sonracha a nascann 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' leis an limistéar sainithe. Áirítear le flóra an limistéir ar díol spéise ar leith é na speicis 'eindéimeacha', a dtéann an chuid is mó díobh siar go dtí an chianaois, ach nach bhfuil ag fás ach i limistéir bheaga anois.

Sa chomhthéacs Alpach sin, tá ról tábhachtach fiú ag na feirmeacha, ar gnólachtaí teaghlaigh beaga agus meánmhéide iad, maidir leis an tírdhreach a chosaint trí mhóinéir agus féaraigh a choinneáil ar bun agus trí na modhanna traidisiúnta cáiseoireachta amhail 'lavaggio' ('níochán') a chaomhnú agus a choinneáil ag gabháil, modhanna atá caomhnaithe ag na feirmeoirí áitiúla agus a úsáidtear chun ATFC 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' a dhéanamh. Is éard atá i gceist leis an modh sin go traidisiúnta gach cáis a chasadh agus a chur ar maos go tréimhsiúil in uisce bogthe, beagán saillte, agus gan é a dhéanamh chomh minic céanna de réir mar a aibíonn an cháis.

Sainiúlacht an táirge

Tagraíonn an ainmníocht ATFC 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' do cháis bhog bhoird leathchrua a bhfuil craiceann nite uirthi, atá inaitheanta mar gheall ar an dea-bholadh dian géar, lena mbaineann ruainnín amóinia, ar saintréith den cháis é. Gabhann blas deas goirt agus/nó géar, agus iarbhlas beagán searbh, le dea-bholadh dian 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì'. Bíonn paitean olartha ar chraiceann 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' freisin, a éiríonn níos dorcha le linn an phróisis aibiúcháin, ó dhath buí ócair go donn éadrom nó scothdhearg.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach, clú nó saintréith eile an táirge (i gcás TGFC)

Tá blas agus dea-bholadh speisialta cháis ATFC 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' nasctha le hardcháilíocht an bhainne amh a úsáidtear. Tá ról tábhachtach ag an mbainne sin, ina bhfuil cion micribhitheolaíoch níos saibhre ná bainne teaschóireáilte, maidir le déine bhlas agus dhea-bholadh 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' a shaintréithriú.

A bhuíochas d'ardcháilíocht an bheatha a thugtar do na ba atá ag lachtadh, i.e. an toirmeasc ar shadhlas a úsáid, tá ardcháilíocht ag an mbainne a úsáidtear chun 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' a tháirgeadh agus bíonn tionchar mór ag féar tirim agus/nó féar ón limistéar a thugtar do na ba, nó ag na ba a bheith ag innilt go díreach ar fhéarthailte an limistéir, atá lán le farae sonrach, ar ardcháilíocht an bhainne sin chomh maith.

Is fiú ionchur tháirgeoirí an limistéir a lua chomh maith, a bhfuil an-scil go deo acu i dtáirgeadh 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' mar gheall ar thaithí na mblianta atá acu; chuidigh an saineolas sin leo, le linn an phróisis déanta agus aibithe cáise, le giostaí neamh-inmhianaithe, a d'fhéadfadh dea-bholadh agus blas saintréitheach 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' a athrú, a sheachaint.

Is gné shainiúil den mhodh táirgthe le haghaidh ATFC 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' í na cáiseanna a ní in uisce bogthe, lena gcuirtear beagán salainn uaireanta. Déanann na táirgeoirí áitiúla an cleachtas sin le linn an phróisis aibiúcháin agus cuireann sé ar a gcumas do na cáiseanna paitean olartha a chruthú ar an gcraiceann, rud a athraíonn an dath de réir a chéile ó dhath ócair bhuí go donn éadrom nó scothdhearg. Cuireann an paitean olartha sin forbairt gníomhaíochta bithcheimicí sonraí chun cinn laistigh den cháis agus í ag aibiú, rud a fhágann go gcruthaítear comhdhúile ceimiceacha a thugann an blas agus an dea-bholadh speisialta do 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì'.

Roimhe seo, bhí an-tóir ag na daoine bochta i bhí ina gcónaí sna réigiúin sléibhtiúla ar 'Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì' fiú i gcainníochtaí beaga, mar gheall ar bhlas agus dea-bholadh láidir an táirge, ar blas é a bhíonn géar fiú agus goirt in amanna, a chuir blas lena n-aiste bia tuathánach a bhí bunaithe go minic ar phoileanta nó ar phrátaí.

Bronnadh an bonn cré-umha ar ‘Puzzone di Moena / Spretz Tzaorì’ ag an Concours International des Fromages de Montagne (Comórtas Idirnáisiúnta Cáise Alpaí) a tionóladh in Grenoble in 1984.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3340